

Riachtanais Speisialta Oideachais san Iar-bhunscolaíocht	Meitheal Forbartha – Cruinniú 21, 7 Aibreán, 2025. Cur Síos Gairid
Mír ar an gClár	Nótaí
Miontuairiscí	Moladh agus comhaontaíodh ar na miontuairiscí.
Nuashonruithe ó pháirtithe leasmhara	Thug ionadaithe ó Oide, CSS agus CNCM nuashonruithe
An tSraith Shóisearach: Comhairliúchán maidir leis an Aonad Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe sa Scileanna Saoil agus nuashonrú ar Threoirlínte Múinteoirí Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 don tSraith Shóisearach	Cuireadh an tuarascáil chomhairliúcháin ar an Aonad Foghlama Tosaíochta athbhreithnithe, <i>Scileanna Saoil</i> i láthair don MF chomh maith le plé ina dhiaidh ar na hathruithe a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin. Chomhaontaigh an MF ar an tuarascáil agus sonraíocht an Aonaid Foghlama Tosaíochta a chur ar aghaidh go dtí an Chomhairle agus an Bord don tSraith Shóisearach. Thug an MF aiseolas ar na hathruithe molta ar na Treoirlínte do Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sóisearaí. Déanfaidh an Feidhmeannach breithniú ar an aiseolas agus cuirfidh sé dréachtaí iomlána de na treoirlínte nuashonraithe ag an gcéad chruinniú eile.
Comhpháirteanna Roghnacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí	Tugadh nuashonrú ar an gcomhairliúchán reatha ar chomhpháirteanna roghnacha Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí. Thug an MF aiseolas agus d'aontaigh go ndéanfaí na sruthanna roghnacha seo a leanas a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile i bpróiseas forbartha curaclaim CNCM: Corpoideachas Leibhéal 1 agus Leibhéal 2; Aire a Thabhairt do mo Thimpeallacht Leibhéal 1 agus Leibhéal 2; Drámaíocht Leibhéal 2; Mo Shaol, Mo Shaol, M'Airgeadas Leibhéal 2; Litríocht Leibhéal 2.
Comhpháirt Roghnach ar Réimse Sainspéise Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí	Comhaontaíodh ar an dréacht den chomhpháirt roghnach seo a chur i láthair ag an gcéad chruinniú eile
Na Chéad Chéimeanna Eile	Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na Meithle Forbartha as a gcuid rannpháirtíochta agus thug sé aitheantas don dul chun cinn déanta go dtí seo. An Chéad Chruinniú Eile: 20 Bealtaine, 2025